# STRATEGY

Cultúr Éireann
Culture Ireland
Promoting Irish Arts Worldwide

2022-2025

**Culture Ireland's strategy 2022–2025 is founded on 17 years of operations which enabled Irish artists to realise international recognition on global stages and reach millions of audience members worldwide. It also builds directly on Culture Ireland's strategy 2017–2020, under which we successfully delivered 5 years of focused goals. This strategy was extended to include 2021 and this has allowed us take account of recent global changes in the development of our new strategy. The aims of both *Global Ireland*, to increase Ireland's global footprint, and *Culture 2025* also underpin our new strategy.**

**The artist** will continue to be the central focus in Culture Ireland's strategic approach. **International work** is recognised as being vital to sustain the careers of many Irish artists. In our promotion of Irish arts, Culture Ireland is always aware of the critical importance of international audiences and the integral role of the international presenter.

**We state "excellence"** as our first value as we aim to ensure that audiences worldwide will always enjoy a high quality arts experience. In all our operations Culture Ireland will strive to ensure equality, inclusion and diversity. Conscious of the collective need to address climate change, Culture Ireland will encourage sustainable touring with reduced carbon footprint.

**The recent changes in the global arts world** brought about by the pandemic impacted massively on the nature of international engagement by artists. At this time the importance of connecting and sharing experiences with each other became more apparent than ever. It has increased the need for Culture Ireland to be flexible and able to adapt swiftly to evolving international circumstances. In 2020, for the first time, Culture Ireland supported digital presentations. We aim to enhance our support for virtual engagement in the future, while recognising that the unique firsthand physical experience of the arts cannot be replicated.

**Culture Ireland's strategy 2022–25** has been drafted with the benefit of input from an open consultation process and the detailed advice of Culture Ireland's Expert Advisory Committee and for this we are grateful. Given the change that is currently reshaping our world and impacting the arts in unique ways, we commit to reviewing this strategy regularly to ensure its effectiveness. As we work to implement our new strategy with integrity and transparency we will continually measure our impacts to ensure effectiveness and adapt our approaches as required.

Culture Ireland looks forward to expanded audiences enjoying Irish arts worldwide with impacts that last a lifetime.

# VISION

Contemporary Irish arts are unique and treasured and deserving of a worldwide audience.

# MISSION

Culture Ireland promotes Irish arts worldwide. In creating and supporting opportunities for Irish artists, Culture Ireland aims to ensure that Ireland's cultural excellence is enjoyed by international audiences.

# VALUES

## Excellence

**Culture Ireland recognises the exceptional quality of Irish arts and the impact Irish artists have worldwide.**

## Artistic Freedom

**Culture Ireland champions and supports the autonomy of artists.**

## Co-operation

**Culture Ireland forges and fosters collaborative partnerships, both national and international.**

## Equality

**Culture Ireland commits to inclusivity and equality both in terms of supporting diversity in our artists and access for our audiences.**

## Adaptability

**Culture Ireland commits to being flexible and ready to respond to changing circumstances.**

# STRATEGIC GOALS

1. Create opportunities for artists, collaborating with international presenting partners and national stakeholders

2. Support artists to present their work internationally embracing new and innovative ways

3. Promote Culture Ireland's work to build and sustain global audiences for Irish artists

## Create

Produce curated showcases and networking opportunities at key festivals and events, in Ireland and abroad

Keep international presenting partners updated on the current work of Irish artists

Support the delivery of co-productions and encourage reciprocal arrangements and cultural exchanges with international partners

Work with artists and resource organisations to maximise opportunities arising from showcase platforms.

Curate and deliver special initiatives, with a particular territory or artform focus

## Support

Adapt funding supports to respond to changing ecosystems and artists' career paths

Monitor and ensure fair distribution of funding across artforms

Provide guidance to artists on gaining and maximising international work

Foster and encourage engagement by Irish artists from diverse backgrounds

## Promote

Devise and implement a communications and promotional plan to gain wide audience reach

Engage with artists and presenting partners to maximise the promotion of supported events

Collaborate with local partners, including the Irish Embassy Network, to gain media opportunities for Irish artists

# OPERATIONAL GOALS

1. Foster and maintain partnerships

2. Put equality, diversity and inclusion at the centre of our decision-making

3. Underpin all policies and decision making with environmental sustainability

4. Measure the impact of our work and share our learning

## Partnerships

Enhance cooperation with Arts Council of Ireland, Arts Council of Northern Ireland and Screen Ireland to ensure complementarity of supports

Support annual programmes at key Irish arts centres (Irish Arts Center, NY; Centre Culturel Irlandais, Paris)

Work with Department of Foreign Affairs to further aims of Global Ireland 2025

Support selected arts organisations including Literature Ireland, Irish Film Institute International, and First Music Contact for specific international artform promotion

Engage as a member of EUNIC, European Union National Institutes for Culture and other relevant international networks

## Inclusion

Develop a plan to ensure the inclusion of artists from underrepresented sectors of society, including new communities

Publicise funding programmes to maximise awareness among emerging artists across all sectors of society

Develop a policy in relation to Irish artists not resident in Ireland

Pursue increased number of artists presenting in the Irish language

## Sustainability

Engage with the arts sector and wider interests to introduce changes to achieve more sustainable touring

Work with international presenters to achieve more joined up and sustainable touring

Prioritise support for models of presentation incorporating carbon reduction

Agree and implement an environmental impact assessment system

## Impact

Create an effective system to measure our work to inform future planning

Involve artists in assessing the benefits of our work

Engage audience members in ongoing feedback

Update our online reporting system to ensure effective measurement

Publish all funding decisions and share outcomes

# IMPLEMENTATION

**In early 2022 Culture Ireland will develop a plan for the implementation of these strategic and operational goals.**

## The actions which have been identified to be undertaken as a priority are:–

1. Review Culture Ireland Showcase Programme to ensure that Irish artists are presented at the most effective global showcase platforms
2. Strengthen our global connections with international presenting partners
3. Enhance Culture Ireland support for online presentations and other new means of reaching audiences
4. Put in place systems to inform widely on Culture Ireland supports, including targeted engagement with underrepresented artists
5. Develop an environmental policy to include sustainable touring models
6. Update Culture Ireland website and increase digital engagement

**Culture Ireland was established in 2005 and operates as a division of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. Culture Ireland is assisted by an Expert Advisory Committee and works with a team of expert panellists on funding assessments.**

Culture Ireland works across Government to deliver the aims of Global Ireland, Ireland's Global Footprint to 2025. These have been advanced in particular through: the appointment of Heads of Cultural Affairs in London, New York and Los Angeles, the establishment of NICCONA, a network of Irish cultural centres in North America, and the appointment of Cultural Ambassadors.

Culture Ireland works in partnership with key resource bodies and artists' networks in Ireland and partners abroad. These include the Irish Arts Center, NY, and Centre Culturel Irlandais, Paris, which present year round programmes of Irish artists supported by Culture Ireland.

Culture Ireland is a member of EUNIC, European Union National Institutes for Culture. We value our engagement with other international bodies engaged in cultural activities and are committed to engage as fully as possible with relevant international networks.

**Culture Ireland**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht,
Sport and Media
23 Kildare Street, Dublin 2,
D02 TD30, Ireland
info@cultureireland.gov.ie

Cultúr Éireann
Culture Ireland
Promoting Irish Arts Worldwide

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# STRAITÉIS

Cultúr Éireann
Culture Ireland

Ealaíona na hÉireann a Chur
Chun Cinn ar Fud an Domhain

**2022-2025**

**Tá Straitéis Chultúr Éireann 2022–2025 bunaithe ar 17 mbliana d'oibríochtaí a chuir ar chumas ealaíontóirí Éireannacha aitheantas idirnáisiúnta a bhaint amach ar stáitse domhanda agus na milliúin duine ar fud an domhain a mhealladh sa lucht féachana. Tógann sí go díreach ar straitéis Chultúr Éireann 2017–2020 chomh maith, faoinar éirigh linn 5 bliana de spriocanna soiléire a bhaint amach. Leathnaíodh an straitéis seo chun 2021 a chur san áireamh agus cheadaigh sé seo dúinn athruithe domhanda a tharla le déanaí a chur san áireamh i bhforbairt ár straitéise nua. Tá aidhmeanna *Éire Dhomhanda*, chun lorg na hÉireann ar an domhan a mhéadú, agus *Cultúr 2025* mar bhonn faoinár straitéis nua freisin.**

**Leanfaidh** an t-ealaíontóir mar fhócas lárnach i gcur chuige straitéiseach Chultúr Éireann. Aithnítear go bhfuil obair idirnáisiúnta ríthábhachtach chun gairmeacha go leor ealaíontóirí Éireannacha a chothú. Agus ealaíona na hÉireann á gcur chun cinn againn, bíonn Cultúr Éireann feasach i gcónaí ar thábhacht an lucht féachana idirnáisiúnta agus ar ról lárnach an láithreora idirnáisiúnta.

**Is é "feabhas"** an chéad luach atá againn agus tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbaineann lucht féachana ar fud an domhain sult i gcónaí as eispéireas ealaíon ar ardchaighdeán. Inár n-oibríochtaí go léir déanann Cultúr Éireann a dhícheall chun comhionannas, cuimsiú agus éagsúlacht a chinntiú. Agus é feasach ar an ngá atá le dul i ngleic le hathrú aeráide, spreagann Cultúr Éireann camchuairteanna inbhuanaithe le lorg carbóin laghdaithe.

**Bhí tionchar ollmhór ag** na hathruithe a tharla le déanaí i saol domhanda na n-ealaíon ar nádúr rannpháirtíocht idirnáisiúnta ealaíontóirí. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh naisc a dhéanamh agus taithí a roinnt lena chéile. Chuir sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le solúbthacht Chultúr Éireann a bheith in ann dul in oiriúint go tapa do chúinsí idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn. In 2020, den chéad uair, thacaigh Cultúr Éireann le léirithe digiteacha. Táimid ag súil lenár gcuid tacaíochta do rannpháirtíocht fhíorúil a fheabhsú sa todhchaí, agus ag an am céanna a aithint nach féidir an t-eispéireas fisiceach uathúil féin ar na healaíona a mhacasamhlú.

**Dreáchtadh straitéis Chultúr Éireann 2022–25** le hionchur ó phróiseas comhairliúcháin oscailte agus comhairle mhionsonraithe ó Choiste Comhairleach Saineolaithe Chultúr Éireann agus táimid buíoch as sin. I bhfianaise athraithe atá ag athmhúnlú ár ndomhain faoi láthair agus ag dul i bhfeidhm ar na healaíona ar bhealaí uathúla, táimid tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis seo go rialta lena héifeachtacht a chinntiú. De réir mar a oibrímid lenár straitéis nua a chur i bhfeidhm le hionracas agus le trédhearcacht, déanfaimid ár dtionchar a thomhas go leanúnach chun éifeachtacht a chinntiú agus chun ár gcur chuige a chur in oiriúint de réir mar is gá.

Tá Cultúr Éireann ag tnúth go mbainfidh lucht féachana méadaithe sult as ealaíona na hÉireann ar fud an domhain le tionchar a mhaireann ar feadh saoil.

# FIS

Tá ealaíona comhaimseartha na hÉireann uathúil, luachmhar agus ar chaighdeán idirnáisiúnta agus mar sin ba chóir do lucht féachana domhanda iad a fheiceáil.

# MISEAN

Cuireann Cultúr Éireann ealaíona na hÉireann chun cinn ar fud an domhain. Tá sé mar aidhm ag Cultúr Éireann a chinntiú go mbaineann lucht féachana idirnáisiúnta sult as saothair chultúrtha na hÉireann trí dheiseanna a chruthú d'ealaíontóirí Éireannacha agus trí thacaíocht a thabhairt dóibh.

# LUACHANNA

## Feabhas

**Aithníonn Cultúr Éireann ardchaighdeán ealaíona na hÉireann agus an tionchar a bhíonn ag ealaíontóirí Éireannacha ar fud an domhain.**

## Saoirse Ealaíne

**Tacaíonn Cultúr Éireann le neamhspleáchas ealaíontóirí.**

## Comhar

**Cruthaíonn agus cothaíonn Cultúr Éireann comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

## Cuimsitheach

**Tá Cultúr Éireann tiomanta don chuimsitheacht agus don chomhionannas ó thaobh tacú le héagsúlacht inár n-ealaíontóirí agus teacht lucht féachana ar na healaíona.**

## Inoiriúnaitheacht

**Geallann Cultúr Éireann a bheith solúbtha agus réidh le freagra a thabhairt ar chúinsí a bhfuil athrú ag teacht orthu.**

# SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

1. Deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí, ag comhoibriú le láithreoirí idirnáisiúnta agus páirtithe leasmhara náisiúnta

2. Tacú le healaíontóirí a gcuid saothar a chur i láthair go hidirnáisiúnta ar bhealaí nua agus nuálaíocha

3. Obair Chultúr Éireann a chur chun cinn agus lucht féachana domhanda a thógáil agus a chothú d'ealaíontóirí Éireannacha

## Cruthú

Taispeántais choimeádta agus deiseanna líonraithe a chruthú ag féilte agus imeachtaí tábhachtacha, in Éirinn agus thar lear

Láithreoirí idirnáisiúnta a choinneáil ar an eolas faoi shaothar reatha ealaíontóirí Éireannacha

Tacú le seachadadh comhléiriúchán agus socruithe cómhalartacha agus malartuithe cultúrtha le comhpháirtithe idirnáisiúnta a spreagadh

Oibriú le healaíontóirí agus eagraíochtaí acmhainne chun deiseanna a eascraíonn as ardáin taispeántais a uasmhéadú.

Tionscnaimh speisialta a choimeád agus a sheachadadh, le béim ar leith ar chríocha nó ar fhoirm ealaíne

## Tacú

Tacaíochtaí maoinithe a chur in oiriúint chun freagairt d'éiceachórais a bhfuil athrú ag teacht orthu agus do chonairí gairme ealaíontóirí

Monatóireacht agus dáileadh cothrom maoinithe a chinntiú ar fud na bhfoirmeacha ealaíne

Treoir a sholáthar d'ealaíontóirí maidir le hobair idirnáisiúnta a fháil agus a uasmhéadú

Rannpháirtíocht ealaíontóirí Éireannacha ó chúlraí éagsúla a chothú agus a spreagadh

## Cuir Chun Cinn

Plean cumarsáide agus bolscaireachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun lucht mór féachana a mhealladh

Plé a dhéanamh le healaíontóirí agus le láithreoirí chun cur chun cinn na n-imeachtaí tacaithe a uasmhéadú

Comhoibriú le comhpháirtithe áitiúla, lena n-áirítear Líonra Ambasáidí na hÉireann, chun deiseanna meán cumarsáide a fháil d'ealaíontóirí Éireannacha

# SPRIOCANNA OIBRÍOCHTÚLA

1. Comhpháirtíochtaí a chothú agus a chothabháil

2. Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht a chur i gcroílár ár gcinnteoireachta

3. Tá inbhuanaitheacht comhshaoil mar bhonn faoi gach beartas agus cinneadh

4. Tionchar ár gcuid oibre a thomhas agus an méid atá foghlamtha againn a roinnt

## Comhpháirtíochtaí

Feabhas a chur ar an gcomhoibriú le Comhairle Ealaíon na hÉireann, le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus le Fís Éireann chun comhtháthú tacaíochtaí a chinntiú

---

Tacaíocht a thabhairt do chláir bhliantúla in ionaid thábhachtacha ealaíona na hÉireann (Irish Arts Centre NY, Centre Culture Irlandais, Páras)

---

Oibriú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun aidhmeanna Éire Dhomhanda 2025 a chur chun cinn.

---

Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí ealaíon roghnaithe lena n-áirítear Litríocht Éireann, Institiúid Idirnáisiúnta Scannánaíochta na hÉireann, agus First Music Contact chun foirm ealaíne idirnáisiúnta ar leith a chur chun cinn

---

Páirt a ghlacadh mar bhall d'Fhorais Náisiúnta Cultúir an Aontais Eorpaigh agus líonraí idirnáisiúnta ábhartha eile

---

## Cuimsiú

Plean a fhorbairt chun cuimsiú ealaíontóirí ó chodanna den tsochaí nach bhfuil a ndóthain ionadaíochta acu a chinntiú, lena n-áirítear pobail nua

---

Cláir mhaoinithe a phoibliú chun feasacht a uasmhéadú i measc ealaíontóirí ag teacht chun cinn i ngach cuid den tsochaí

---

Beartas a fhorbairt maidir le healaíontóirí Éireannacha nach bhfuil cónaí orthu in Éirinn

---

Dul sa tóir ar líon méadaithe ealaíontóirí a oibríonn trí mheán na Gaeilge

---

## Inbhuanaitheacht

Plé a dhéanamh le hearnáil na n-ealaíon agus le hearnálacha eile chun athruithe a thabhairt isteach chun camchuairteanna a dhéanamh níos inbhuanaithe

Oibriú le láithreoirí idirnáisiúnta chun camchuairteanna níos comhleanúnaí agus níos inbhuanaithe a bhaint amach

Tosaíocht a thabhairt do thacaíocht do mhúnlaí léirithe a laghdaíonn astaíochtaí carbóin

Córas measúnaithe do thionchar na timpeallachta a shocrú agus a chur i bhfeidhm

## Tionchar

Córas éifeachtach a chruthú chun ár gcuid oibre a thomhas chun eolas a chur ar fáil don phleanáil don todhchaí

Ealaíontóirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i measúnú a dhéanamh ar bhuntáistí ár gcuid oibre

Aiseolas leanúnach a fháil ón lucht féachana

Ár gcóras tuairiscithe ar líne a nuashonrú chun tomhas éifeachtach a chinntiú

Gach cinneadh maoinithe a fhoilsiú agus torthaí a roinnt

# CUR I BHFEIDHM

**Chun na spriocanna seo a bhaint amach forbróidh Cultúr Éireann plean 5 bliana go luath in 2022.**

## Is iad na bearta tosaíochta atá le déanamh ag Cultúr Éireann:–

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár Taispeántais Chultúr Éireann chun a chinntiú go gcuirtear ealaíontóirí Éireannacha i láthair ar na hardáin taispeántais domhanda is éifeachtaí
2. Ár gcomhpháirtíochtaí domhanda le láithreoirí idirnáisiúnta a neartú
3. Feabhas a chur ar thacaíocht Chultúr Éireann do léiriúcháin ar líne agus do bhealaí nua le lucht féachana a mhealladh
4. Ceardlanna a eagrú le heolas a thabhairt ar thacaíochtaí Chultúr Éireann, lena n-áirítear rannpháirtíocht spriocdhírithe le healaíontóirí faoi ghannionadaíocht
5. Beartas comhshaoil a fhorbairt a chuimseoidh múnlaí camchuairte inbhuanaithe
6. Suíomh gréasáin Chultúr Éireann a nuashonrú agus rannpháirtíocht dhigiteach a mhéadú

**Bunaíodh Cultúr Éireann sa bhliain 2005 agus feidhmíonn sé mar rannán den Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Faigheann Cultúr Éireann cúnamh ó Choiste Comhairleach Saineolaithe agus oibríonn sé le foireann painéalaithe saineolacha ar mheasúnuithe a mhaoiniú.**

Oibríonn Cultúr Éireann ar fud an Rialtais chun aidhmeanna Éire Dhomhanda, Lorg na hÉireann ar an Domhan idir seo agus 2025, a sheachadadh. Cuireadh na haidhmeanna seo chun cinn go háirithe trí: cheapadh Cheannairí Gnóthaí Cultúrtha i Londain, Nua-Eabhrac agus Los Angeles, bunú NICCONA, líonra d'ionaid chultúir Éireannacha i Meiriceá Thuaidh agus trí cheapadh Ambasadóirí Cultúir.

Oibríonn Cultúr Éireann i gcomhpháirtíocht le príomhchomhlachtaí acmhainne agus líonraí ealaíontóirí in Éirinn agus le comhpháirtithe thar lear. Ina measc seo tá Irish Arts Centre, NY agus Center Culturel Irlandais, Páras, a chuireann cláir ealaíontóirí Éireannacha i láthair le linn na bliana le tacaíocht ó Chultúr Éireann.

Tá Cultúr Éireann ina bhall d'Fhorais Chultúir an Aontais Eorpaigh. Is mór againn ár rannpháirtíocht le comhlachtaí idirnáisiúnta eile atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí cultúrtha agus táimid tiomanta do dhul i ngleic le gréasáin idirnáisiúnta ábhartha

**Culture Ireland**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht,
Sport and Media
23 Kildare Street, Dublin 2,
D02 TD30, Ireland
info@cultureireland.gov.ie

Cultúr Éireann
Culture Ireland
Promoting Irish Arts Worldwide

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media